C/2026/3318

17.6.2026

Fógra le haghaidh eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

(C/2026/3318)

Dírítear aird Research Centre for Explosion and Impact (ar a dtugtar freisin METFAZ), eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne an eintitis thuasluaite a choinneáil ar bun agus ráiteas leasaithe ar chúiseanna agus ar fhaisnéis bhreise ag gabháil leo. Cuirtear in iúl don eintiteas sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an dréachtráiteas ar chúiseanna agus fhaisnéis bhreise a fháil a bhaineann leis na bearta sriantacha a bheith á gcoinneáil ar bun, **roimh an 24 Meitheamh 2026**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 195, 27.7.2010, lch. 39.
[2] IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.